

# Leabhar NIHIMIÁ

## A Ghlaoch

**1** Briathra Nihimiá mac Hacailiá. I mí Cisléu san fhichiú bliain [de réimeas Artaxarxaes rí], agus mé i ndúnfort Shúsá, <sup>2</sup>tháinig chugam duine de mo ghaolta, Hanáiní, le daoine áirithe ó Iúdá. Chuir mé ceist orthu i dtaobh na nGiúdach, an t-iarmhar a fuasclaíodh ó dheoraíocht, agus i dtaobh Iarúsailéim. <sup>3</sup>“An mhuintir a tháinig slán ón deoraíocht,” d’fhreagair siad, “agus atá ar ais ansiúd sa chúige, tá siad i gcruatan agus faoi leatrom náireach, tá ballaí Iarúsailéim ar lár agus a geataí loiscthe ag tine.” <sup>4</sup>Nuair a chuala mé na focail sin, shuigh mé síos agus bhris mo ghol orm, agus chaoin mé lá i ndiaidh an lae agus mé ar troscadh agus ag guí i láthair Dhia neimhe.

<sup>5</sup>Agus dúirt mé: “A Thiarna, a Dhia neimhe, a Dhia mhór an imeaglaithe, a chothaíonn conradh agus cairdeas buan leo seo a thugann grá duit agus a chomhlíonann d’aitheanta, <sup>6</sup>tabhair cluas go grinn agus súil go géar do ghuí do shearbhónta, an ghuí atá á déanamh agam chugat anois de lá agus d’oíche ar mhaithe le clann Iosrael, do shearbhóntaí; admhaím na peacaí a rinneamarna, clann Iosrael, i d’aghaidh; pheacaigh mise agus pheacaigh teaghlach m’athar. <sup>7</sup>Is coiriúil coirpeach a pheacaíomar i d’aghaidh, gan na



haitheanta, na dlíthe ná na gnásanna a leag tú ar do shearbhónta Maois a chomhlíonadh.

<sup>8</sup>Cuimhnigh, impím ort, ar an bhfoláireamh a thug tú do Mhaois do shearbhónta: ‘Má bhíonn sibh mídhílis, déanfaidh mé sibh a scaipeadh i measc na gcínocha; <sup>9</sup>ach má fhilleann sibh agus m’aitheanta a choimeád agus a chleachtadh, fiú dá mbeadh bhur ndíbeartaigh ar fán thar íor na spéire is faide i gcéin, déanfaidh mé iad a chruinniú ón áit sin agus a thabhairt ar ais chun na háite a roghnaigh mé le m’ainm a lonnú ann.’

<sup>10</sup>“Siad seo do shearbhóntaí, do phobal, an mhuintir a d’fhuascail tú le do mhórneart agus do láimh thréan. <sup>11</sup>A Thiarna tabhair cluas d’urnaí do shearbhónta agus d’urnaí do shearbhóntaí gur gean leo urraim a thabhairt do d’ainm. Cuir an rath ar do shearbhónta inniu, agus deonaigh go mbeidh gnaoi an fhir seo air.” Ba chornaire ag an rí mé an uair úd.

**2**I mí Níosán, san fhichiú bliain de réimeas an rí, Artaxarxaes, bhí a chuid fíona os a chomhair; thóg mé suas an fíon agus thug mé don rí é; [roimhe sin] ní raibh mé riamh faoi bhrón ina láthair. <sup>2</sup>Dúirt an rí liom mar sin: “Cén fáth a bhfuil aghaidh bhrónach ort os rud é nach bhfuil tú tinn? Ní foláir nó go bhfuil dólás éigin ar do chroí.” Tháinig eagla mhór orm ansin <sup>3</sup>agus dúirt mé leis an rí: “Gura fada buan an rí! Cén fáth nach mbeadh aghaidh bhrónach orm nuair atá conamar déanta den chathair mar a bhfuil mo shinsir curtha agus a geataí loiscthe le tine?” <sup>4</sup>“Céard atá tú ag iarraidh orm, mar sin?” arsan rí liom. Chuir mé guí suas chun Dé neimhe ansin <sup>5</sup>agus dúirt mé leis á fhreagairt: “Mura miste leat é agus má tá lé ar bith agat liomsa, do sheirbhíseach, ba bhreá liom é dá gcuirfeá go dtí Iúdá mé chun na cathrach sin mar a bhfuil mo shinsir curtha, chun í a



atógáil.” <sup>6</sup>D’fhiafraigh an rí díom ansin – agus an bhanríon ina suí taobh leis: “Cá fhad a bhainfidh do thuras asat agus cathain a fhillfidh tú?” D’aontaigh an rí mé a chur ann agus d’inis mé dó cá fhad a bheinn as láthair. <sup>7</sup>Dúirt mé leis chomh maith: “Mura miste le do mhórgacht é, tugtar litreacha dom le haghaidh gobharnóirí an chúige thar Eofrataes, á rá leo ligean dom dul slán trína gcríocha go dtí Iúdá; <sup>8</sup>agus litir eile le haghaidh Ásáf, coimeádaí na bhforaoiseacha ríoga, á rá leis adhmaid a thabhairt dom chun geataí a dhéanamh do dhúnfort an Teampaill agus le haghaidh ballaí na cathrach agus don teach a ndéanfainn féin cónaí ann.” Ghéill an rí do m’iarratas mar bhí lámh mhaith mo Dhé ag tacaíocht liom.

<sup>9</sup>Tháinig mé ansin go dtí gobharnóirí an chúige thar Eofrataes agus thug mé litreacha an rí dóibh. Bhí oifigigh airm agus marshlua ón rí i mo choimhdeacht. <sup>10</sup>Nuair a chuala Sanballat an Horónach agus Tóibíá an tAmónach daoir, an méid sin, tháinig an-mhíshásamh orthu toisc aon duine a theacht le beart a dhéanamh ar mhaithe le clann Iosrael.

## Na Ballaí á dTógáil

<sup>11</sup>Tháinig mé go Iarúsailéim dá bhrí sin agus d’fhan mé socair ann ar feadh trí lá. <sup>12</sup>Ansin d’éirigh mé san oíche, mé féin agus cúpla fear eile, agus gan é ráite agam le haon duine cad a bhuaíl Dia isteach i mo chroí a dhéanamh ar mhaithe le Iarúsailéim, agus gan agam d’ainmhithe ach an beithíoch a bhí do m’iompar. <sup>13</sup>Ghabhas Geata an Ghleanna amach dá bhrí sin agus thar Thobar an Dragúin go dtí Geata an Aoiligh. Rinne mé ballaí



Iarúsailéim [agus na bearnaí iontu] a iniúchadh, agus, chomh maith, a geataí dóite.

<sup>14</sup>Chuaigh mé ar aghaidh ansin go dtí Geata an Tobair agus go Linn an Rí, ach ní raibh bealach do mo bheithíoch iompair thairis sin. <sup>15</sup>Ansín san oíche ghabh mé an gleann suas agus mé ag iniúchadh an bhalla agus chas mé ar ais agus Geata an Ghleanna isteach arís, agus d’fhill mé mar sin. <sup>16</sup>Ní raibh a fhios ag na hoifigigh cár chuaigh mé ná cad a bhí ar siúl agam; ní raibh aon ní fós ráite agam leis na Giúdaigh ná na sagairt, ná na huaisle, ná na hoifigigh, ná le haon dream eile ar a mbeadh cúram na hoibre. <sup>17</sup>Dúirt mé leo ansin:

“Feiceann sibh an cruachás ina bhfuilimid: tá Iarúsailéim ar lár agus a geataí dóite. Téanaigí, tógaimis ballaí Iarúsailéim agus ná bímis faoi náire mar seo a thuilleadh.”

<sup>18</sup>Agus d’inis mé dóibh conas mar a bhí lámh chineálta Dé mar thaca liom chun na maitheasa, agus d’aithris mé dóibh a ndúirt an rí liom. “I mbun oibre linn!” ar siad, “agus ar aghaidh leis an tógáil!” agus chrom siad ar an obair fhónta le fonn.

<sup>19</sup>Nuair a chuala Sanballat an Horónach agus Tóibíá an daor Amónach agus Geisim an tArabach mar gheall air seo, rinneadar magadh agus fonóid fúinn agus d’fhiafraíodar: “Céard atá ar siúl agaibh, an bhfuil ceannairc in aghaidh an rí á beartú agaibh?” <sup>20</sup>Ach thug mé freagra orthu: “Cuirfidh Dia neimhe agus talún an rath orainn! Táimidne, a shearbhóntaí, ag dul i mbun tógála; níl cuid ná ceart ná seoid chuimhne agaibhse in Iarúsailéim.”

## Obair Dheonach

**3** Ansín chrom Eiliáisíb an t-ardsagart agus a chomhshagairt ar Gheata na gCaorach a thógáil; [leagadar síos] a ursana agus ghreamaíodar a chomhlaí [a bholtaí agus a



bharraí] agus lean siad ar aghaidh go Túr Hananael. <sup>2</sup>Fir Ireachó a thóg taobh leo, agus [taobh leosan] Zacúr mac Imrí. <sup>3</sup>Clann mhac Hasaná a thóg Geata an Éisc; leagadar síos a ursana agus ghreamaíodar a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí. <sup>4</sup>Taobh leosan rinne Maraemót mac Úiríá mac Hacóz deisiú; taobh leis-sean rinne Misiulám mac Bheiriciá mac Mhiséazabael deisiú; <sup>5</sup>taobh leis-sean rinne muintir Theacóá deisiú cé gur dhiúltaigh a dtaoisigh a gceann a chromadh do chuing saothair a dtiarnaí. <sup>6</sup>Rinne Ióíadá mac Phásae agus Misiulám mac Bhasóidiá [geata na roinne nua] a dheisiú; leagadar a ursana, ghreamaíodar a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí. <sup>7</sup>Taobh leosan rinne Malaitiá ó Ghibeón, agus Iádón ó Mhaeronot deisiú, agus fir Ghibeón agus Mhizpeá ar son gobharnóirí an chúige thar Eofrataes. <sup>8</sup>Taobh leosan rinne Úizíéil, ball de chuallacht na ngaibhne óir, deisiú; taobh leis-sean rinne Hanainiá de chuallacht na gcumhróirí deisiú; rinne siad Iarúsailéim a dhaingniú chomh fada le [Balla na Cearnóige]; <sup>9</sup>taobh leosan rinne Rafáíá mac Húr, rialtóir ar leath dhúiche Iarúsailéim, deisiú; <sup>10</sup>taobh leosan rinne Iadáíá mac Harúmaf deisiú ar aghaidh a thí féin; taobh leis-sean rinne Hatúis mac Haisibniá deisiú; <sup>11</sup>rinne Mailcíveá mac Háirim agus Haisiúb mac Phachat Móáb an chéad chuid eile a dheisiú ar aghaidh go Túr na Sorn; <sup>12</sup>taobh leis-sean rinne Sealúm mac Hallóchéis, uachtarán ar leath dhúiche Iarúsailéim, agus a chlann [mhac] deisiú. <sup>13</sup>Rinne Hánún agus áitritheoirí Zánóach Geata an Ghleanna a dheisiú; d'athchóirigh siad é, leag síos a ursana agus ghreamaigh a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí, agus dheisigh siad míle banlámh den bhalla suas go dtí Geata an Aoiligh. <sup>14</sup>Mailcíveá mac Raecáb, uachtarán dhúiche Bhéit-hac-Ceirim, dheisigh sé Geata an Aoiligh, [é féin agus a chlann mhac]; ghreamaigh sé a chomhlaí, a bholtaí agus a bharraí.



<sup>15</sup>Sealúm mac Chol Hoize, uachtarán dhúiche Mhizpeá, dheisigh sé Geata an Tobair; d’athchóirigh sé é, chumhdaigh é, agus ghreamaigh a chomhlaí, a bholtaí agus a bharráí. D’atóg sé chomh maith balla Linn na Canálach le hais ghairdín an rí, chomh fada ar aghaidh leis na céimeanna anuas ó dhúnfort Dháiví. <sup>16</sup>Nihimiá mac Azbúc, uachtarán leath dhúiche Bhéit Zúr, rinne sé deisiú chomh fada leis an mball ar aghaidh thuamaí Dháiví, na linne tacair, agus Theach na Laoch; <sup>17</sup>taobh leis-sean, rinne na Léivítigh deisiú: Rachúm mac Bháiní; taobh leis-sean rinne Haisibíá, uachtarán ar leath dhúiche Cheileá, deisiú ar son a dhúiche féin; <sup>18</sup>taobh leis-sean rinne a mbráithre deisiú; Bávaí mac Haenádád, uachtarán ar leath dhúiche Cheilíá; <sup>19</sup>taobh leis-sean rinne Éizir mac Iéisiúa, uachtarán Mhizpeá, stráice eile a dheisiú ar aghaidh ard na hArmlainne i dtreo na hUilleann. <sup>20</sup>Taobh leis-sean rinne Bárúc mac Zabaí stráice eile a dheisiú ón Uillinn chomh fada le doras theach Eiliáisib an t-ardsagart; <sup>21</sup>taobh leis-sean rinne Maraemót mac Úiríá mac Hacóz stráice eile a dheisiú ó dhoras theach Eiliáisib go dtí a cheann eile; <sup>22</sup>taobh leis-sean rinne na sagairt faoin tuath máguaird deisiú; <sup>23</sup>taobh leo-san rinne Biniáimin agus Haisiúb deisiú ar aghaidh a dtithe féin; taobh leo-san rinne Azairiá mac Mhásaeiá mac Anainiá deisiú in aice a thí féin; <sup>24</sup>taobh leis-sean rinne Bionúi mac Haenádád stráice eile a dheisiú ó theach Azairiá go dtí an Uillinn, <sup>25</sup>agus ar aghaidh go dtí an cúinne. Rinne Pálál mac Úzaí deisiú ar aghaidh an chúinne, agus an túr atá ag gobadh amach os cionn phálás uachtarach an rí agus atá ina sheasamh i gclós an phríosúin. Taobh leis-sean rinne Padáiaí mac Pharois deisiú <sup>26</sup>(agus bhí na tíolacthaigh ag cur fúthu in Oifil) chomh fada le Geata an Uisce, i dtreo an oirthir, agus ar aghaidh an



túir ghobaigh. <sup>27</sup>Taobh leis-sean rinne muintir Theacóá deisiú ar stráice eile ar aghaidh an túir mhóir ghobaigh agus chomh fada le balla Oifil.

<sup>28</sup>Ó Gheata na nEach amach rinne na sagairt deisiú, gach duine acu ar aghaidh a thí féin. <sup>29</sup>Taobh leo-san rinne Zádóc mac Iméir deisiú ar aghaidh a thí féin; taobh leis-sean rinne Seamaiá mac Sheacainiá, garda an Gheata Thoir, deisiú. <sup>30</sup>Taobh [leis-sean] rinne Hanainiá mac Sheilimiá agus Hánún séú mac Záláf stráice eile a dheisiú; taobh leis-sean rinne Misiulám mac Bheiriciá deisiú ar aghaidh a áit chónaithe; <sup>31</sup>taobh [leis-sean] rinne Mailcíveá, de chuallacht na ngaibhne óir, deisiú chomh fada le háras na dtfolacthach agus na gceannaithe, ar aghaidh Gheata na Faire, go seomra uachtair an chúinne. <sup>32</sup>Rinne na gaibhne óir agus na ceannaithe a bhfuil idir seomra uachtair an chúinne agus Geata na gCaorach a dheisiú.

## Naimhdeas

<sup>33</sup>Nuair a chuala Sanballat go raibh na ballaí á n-atógáil againn, tháinig fraoch agus cuthach feirge air. Rinne sé fonóid faoi na Giúdaigh <sup>34</sup>agus dúirt i láthair a ghaolta agus maithe na Samáire: “Cén fuadar atá faoi na truáin Ghiúdacha seo? [An bhfuil siad le tosú?] An dóigh leo nach bhfuil ann ach gnó lae acu? An dóigh leo gur féidir dóibh anam a chur arís sna clocha seo, na clocha dóite seo, a sciob siad ó na cnocáin luathrigh?” <sup>35</sup>Bhí Tóibíá an tAmónach taobh leis, agus dúirt sé: “Tógaidís leo! má phreabann sionnach ar a mballa, leagfaidh sé na clocha anuas!” <sup>36</sup>Féach, cad é drochmheas atá orainn, a Dhia linn! Tabhair a n-asacháin sa mhullach orthu féin! Cuir táir orthu i dtír



éigin ina dtiomáinfear iad ar deoraíocht. <sup>37</sup>Ná ceil a gciontacht agus ná scrios a bpeaca as do radharc, óir ghriog siad chun feirge thú os comhair lucht na tógála.

<sup>38</sup>Bhíomar ag atógáil an bhalla idir an dá linn, agus ba ghearr go raibh sé leath slí suas timpeall ar fad mar go raibh fonn oibre ar na daoine.

**4**Nuair a fuair Sanballat, Tóibíá, na hArabaigh, na hAmónaigh, agus na hAisdeodaigh tuairisc go raibh deisiú ballaí Iarúsailéim ag dul chun cinn agus go raibh na bearnaí á n-iamh de réir a chéile, tháinig an-fhearg orthu, <sup>2</sup>agus rinneadar comhcheilg teacht le chéile agus Iarúsailéim a ionsaí agus cur as do mo bheartas. <sup>3</sup>Ansin ghuíomar chun ár nDé agus chuireamar buíon ar garda ina n-aghaidh de lá agus d’oíche [d’fhonn an chathair a chosaint]. <sup>4</sup>Ach chrom Iúdá ar ghearán: “Tá neart an lucht iompair ag teip agus is mór a bhfuil de luaitheach ann fós; ní chuirfimid críoch leis an mballa go deo.” <sup>5</sup>Agus deireadh ár naimhde: “Tiocfaimid aniar aduaidh orthu gan fhios gan radharc acu, ansin déanfaimid iad a threascairt agus deireadh a chur leis an ngnó seo.” <sup>6</sup>Thug Giúdaigh a bhí ag cur fúthu ina gcóngar rabhadh dúinn deich n-uaire ina dtaobh, á rá: “Tá siad chugainn as gach ball ina bhfuil cónaí orthu.” <sup>7</sup>[Chuamar] inár láithreacha catha dá bhrí sin thíos ar chúl an bhalla mar a raibh fairsinge; d’eagraigh mé na daoine de réir fine, agus claimhte sleánna agus boghanna acu. <sup>8</sup>Thug mé faoi deara [an eagla a bhí orthu] agus d’éirigh mé i mo sheasamh agus dúirt mé leis na huachtaráin, na maoir, agus leis an bpobal eile go léir: “Ná bíodh eagla oraibh rompu! Cuimhnigí ar an Tiarna, mar is mór é agus is díol urraime é; troidigí ar son bhur ngaolta, bhur gclann mhac agus iníonacha ar son bhur mban agus bhur mbaile.” <sup>9</sup>Nuair a fuair ár naimhde amach go raibh rabhadh faighte againn, agus gur





chuir Dia a bplean amú, [d'imíodar leo] agus chuamar go léir ar ais, gach duine i mbun a shaothair ar an mballa.

<sup>10</sup>Ón lá sin amach ní bhíodh ach leath mo chuid fear ag tógáil; bhíodh an chuid eile ina seasamh, agus sleánna sciatha boghanna agus lúireacha acu, ar chúl teaghlach Iúdá, <sup>11</sup>a bhí ag tógáil an bhalla. Bhíodh [airm ag] an lucht iompair chomh maith, i dtreo go ndéanadh gach duine díobh a ghnó lena leathláimh agus a arm ina leathláimh eile. <sup>12</sup>Agus gach saor i mbun tógála bhíodh a chlaíomh ina chrios aige. Bhíodh fear an stoic le m'ais.

<sup>13</sup>Dúirt mé leis na huachtaráin, leis na feidhmeannaigh agus leis an gcuid eile den phobal: “Tá an obair mór agus í leata go fairsing agus táimid scartha i bhfad óna chéile ar na ballaí. <sup>14</sup>Cibé áit ina gcloisfidh sibh an stoc á shéideadh, cruinnigí inár dtimpeall, agus troidfidh ár nDia thar ár gceann.”

<sup>15</sup>Chuamar ar aghaidh leis an obair mar sin (agus airm i lámha leath na bhfear) ó bhreacadh an lae go glioscarnach na réaltaí. <sup>16</sup>Ansin dúirt mé leis an bpobal: “Caitheadh gach fear agus a sheirbhíseach an oíche in Iarúsailéim agus ar an tslí sin beidh siad ag faire dúinn san oíche agus ag obair sa lá.” <sup>17</sup>Ní dhearna aon duine againn, mé féin ná mo ghaolta ná mo sheirbhísigh ná baill mo gharda phearsanta, ár gcuid éadaigh a bhaint dinn aon uair, ach a airm [i lámh gach duine].

## Fadhbanna

**5** Ansin chrom na gnáthdhaoine agus a gcuid ban ag gearán go géar agus go garg in aghaidh a gcomhGhiúdach. <sup>2</sup>Dúirt cuid acu: “Tá d'iallach orainn ár mic agus ar



n-iníonacha [a mhalartú] chun go leor arbhair a fháil le hithe agus le teacht slán.”<sup>3</sup> Dúirt cuid eile acu: “Tá d’iallach orainn ár dtailte, ár bhfíonghoirt agus ár dtithe a chur i ngeall le harbhar a fháil le linn an ghorta.”<sup>4</sup> Dúirt a thuilleadh fós acu: “Chaitheamar iasacht airgid a fháil, agus dul i mbannaí chuige sin lenár dtailte agus lenar bhfíonghoirt chun cáin an rí a íoc; <sup>5</sup> agus cé gur d’aon mhianach ar bhfeoilne agus feoil ar mbráithre, agus go bhfuil ár gclann-na chomh maith lena gclannsan, caithfidimid ár mic agus ár n-iníonacha a reic mar dhaoir; rinneadh cuid dár n-iníonacha a éigniú! Ach níl breith againn ar aon leigheas a chur ar an scéal, mar tá daoine eile anois i seilbh ár dtailte agus ár bhfíonghort agus ár maoinne.”

<sup>6</sup>Nuair a chuala mé an gearán agus an chaint sin, bhí an-fhearg orm. <sup>7</sup>Rinne mé mo mhachnamh ar an scéal agus ansin chuir mé ceartú ar na huachtaráin agus ar na feidhmeannaigh á rá: “Cad é ualach atá á chur ag gach duine agaibh ar a bhráthair!” Ghairm mé comhthionól mór le chéile le plé leo. <sup>8</sup>Dúirt mé leo: “Ár gcomhGhiúdaigh a díoladh le strainséirí, rinneamar iad a fhuascailt chomh fada agus a b’fhéidir dúinn, ach seo sibhse anois ag reic bhur mbráithre le go ndéanfaí iad a dhíol ar ais linne!” Bhíodar ina dtost agus níor fhan focal le rá acu. <sup>9</sup>Lean mé orm dá bhrí sin: “Is olc an rud é seo atá ar siúl agaibh. Nár chóir daoibh siúl ar chosán eagla Dé agus fonóid na gcíníocha, ár naimhde, a sheachaint? <sup>10</sup>Thugas-sa agus mo ghaolta agus mo sheirbhísigh iasacht airgid agus arbhair dóibh chomh maith. Ach maithimis na fiacha sin. <sup>11</sup>Tugaigí ar ais gan mhoill dóibh a dtailte agus a bhfíonghoirt, a luibhghoirt ológ agus a dtithe, agus maithigí [na fiacha] ar an airgead, ar an arbhar, ar an bhfíon agus ar an ola a thug sibh ar iasacht dóibh.” <sup>12</sup>“Déanfimid cúiteamh,” d’fhreagair siad, “ní éileoidimid a thuilleadh orthu;



déanfaimid rud ort.” Chuir mé fios ar na sagairt agus thug mé faoi deara dóibh mionn a thabhairt go ndéanfaidís beart de réir a mbriathar. <sup>13</sup> Ansin chroith mé amach urlach m’fhallainge á rá: “Go ndéana Dia amhlaidh sin agus go gcroithe sé amach as a theach agus as a shealúchas, aon duine nach gcoimeádann an gheallúint seo; go gcroithear amach mar sin é agus go bhfagtar follamh é!” Agus d’fhreagair an comhthionól go léir “Amen” agus mhol siad an Tiarna. Choimeád an pobal an gheallúint sin.

<sup>14</sup> Agus thairis sin, ón lá a ceapadh mé mar ghobharnóir orthu i dtír Iúdá, ón bhfichiú bliain de réimeas Artaxarxaes go dtí an dara bliain déag ar fhichid, níor chaith mé féin ná mo ghaolta arán an ghobharnóra. <sup>15</sup> Ach na gobharnóirí a ghabh romham, ba ualach iad ar an bpobal; dhéanaidís daichead seicil airgid a thobhach [mar bheatha lae], agus bíodh leatrom á dhéanamh ag a seirbhísigh ar an bpobal chomh maith. Ach ní dhearna mise a leithéid, mar go raibh eagla Dé orm. <sup>16</sup> Agus lean mé orm ag obair ar an mballa seo leis i rith an ama, cé nach raibh aon talamh agam; bhí mo shearbhóntaí go léir freisin páirteach san obair.

<sup>17</sup> Shuíodh leathchéad fear ag mo bhord, Giúdaigh (agus ceannairí), gan trácht orthu siúd a thagadh chugainn ó na ciníocha máguaird. <sup>18</sup> Dheantaí damh, sé cinn de chaoirigh breátha, agus éanlaith, a réiteach don bhord ar mo chostas féin gach lá; agus thugtaí deich seithe mar raidhse fíona chugam gach lá. Ach mar sin féin níor éiligh mé riamh costas beatha an ghobharnóra mar go raibh go leor ualaigh le hiompar cheana féin ag an bpobal seo. <sup>19</sup> Cuimhnigh, a Dhia, ar mhaithe liom, ar a bhfuil déanta agam ar son an phobail seo.



## Críoch leis an mBalla

**6**Nuair a chuala Sanballat, Tóibíá agus Geisim an tArabach agus ár naimhde eile go raibh an balla atógtha agam, gan bearna fágtha ann – cé nach raibh na comhlaí curtha agam ar na geataí fós – <sup>2</sup>chuir Sanballat agus Geisim teachtaireacht chugam: “Tar agus buail linn i gceann de na bailte i nGleann Ónó.” Bhí urchóid éigin beartaithe acu dom.

<sup>3</sup>Chuir mé teachtairí chucu dá bhrí sin á rá: “Tá beartas mór ar bun agam agus dá bhrí sin ní féidir dom dul síos. Stadfadh an obair dá bhfágfainn ann í agus dul síos chugaibh.”

<sup>4</sup>Chuir siad fios orm ceithre huaire ar an tslí sin, agus thug mé an freagra céanna orthu.

<sup>5</sup>Chuir Sanballat, ar an intinn chéanna, a sheirbhíseach chugam den chúigiú huair le litir oscailte. <sup>6</sup>Seo mar a bhí scríofa inti: “Tá sé ina scéal reatha i measc na gciníocha, de réir mar a deir Geisim, go bhfuil ceannairc á beartú agatsa agus ag na Giúdaigh, agus gur chuige sin atá tú ag tógáil an bhalla, agus go bhfuil tú féin le bheith i do rí; <sup>7</sup>gur thug tú teoracha d’fháithe a fhógairt ar mhaithe leat in Iarúsailéim: ‘Tá rí ag Iúdá.’ Cloisfidh an rí na ráflaí seo go luath i dtreo go mb’fhéarr duit teacht, más ea, agus cúrsaí a phlé linn.”

<sup>8</sup>Chuir mé freagra ar ais chuige ar an méid sin: “Maidir lena bhfuil ráite agat, níor tharla aon ní dá leithéid; cumadóireacht as barr do chinn féin é go léir.” <sup>9</sup>Óir bhíodar ag iarraidh eagla a chur orainn; dúirt siad leo féin: “Tuirseoidh a lámha ón obair, agus ní chuirfear críoch go brách léi.” Ach idir an dá linn bhí neart breise [á chur] i mo lámha agam.

<sup>10</sup>Thug mé cuaird ar Sheamaiá mac Dhaláíá mac Mhahaetaabel mar go raibh cosc air teacht chugam. Dúirt sé:



“Buailimis le chéile i dTeampall Dé,  
 i ndiamhra an tsanctóra;  
 Dúnaimis doirse an tsanctóra,  
 Óir tá siad ag teacht ar tí do mharaithe,  
 Tá siad ag teacht ar tí do mharaithe anocht.”

<sup>11</sup>Ach d’fhreagair mé: “An dteithfeadh mo leithéidse? An rachadh fear de mo sheasamhsa isteach sa sanctoir lena anam a shabháil? Ní rachaidh mé!” <sup>12</sup>Thuig mé agus chonaic mé nach amhlaidh a chuir Dia é le hé sin a rá, ach gur fhógair sé an t-oracal sin orm mar go raibh Tóibíá [agus Sanballat] á dhíol, <sup>13</sup>le go ndéanfainn é sin le barr scanradh, agus go ndéanfainn peaca le go bhféadfáidís mo cháil a mhilleadh agus fonóid a dhéanamh fúm.

<sup>14</sup>Cuimhnigh, a Dhia, ar Thóibíá agus ar Shanballat de bharr a ndearna siad; agus ar Nóaidiá an banfháidh agus ar na fáithe eile a bhí ag iarraidh scanradh a chur orm.

<sup>15</sup>Bhí an balla réidh dá bhrí sin faoi cheann dhá lá déag agus daichead, ar an gcúigiú lá fichead d’Ealúl. <sup>16</sup>Nuair a chuala ár naimhde ina thaobh, agus go bhfaca na ciníocha máguaird é, chuir sé alltacht orthu; bhí drochmheas acu ar ár naimhde agus d’admhaíodar gur le cabhair ár nDé a cuireadh an obair i gcrích.

<sup>17</sup>I rith an ama chéanna seo bhí a lán de mhaithe Iúdá ag cur litreacha go tiubh go Tóibíá, agus bhí litreacha óThóibíá ag teacht chucu; <sup>18</sup>mar bhí mórán in Iarúsailéim faoi ghéillsine mionn dó mar ba chliamhain é do Sheacainiá mac Árach, agus bhí a mhac Iahóchánán pósta le hiníon Mhisiulám mac Bheiriceá. <sup>19</sup>Bhídís fiú ag maíomh a dhea-ghníomhartha os mo chomhair féin, agus chuiridís tuairisc ar mo chuid cainte ar ais chuige. Agus lean Tóibíá air ag cur litreacha chugam le scanradh a chur orm.



**7**Nuair a bhí an balla tógtha agus na comhlaí go léir ar a lúdracha agam, ceapadh gardaí i bhfeighil na ngeataí (seachas na cantairí agus na Léivítigh). <sup>2</sup>Chuir mé riaradh Iarúsailéim faoi chúram mo dhearthár Hanáiní agus Hanainiá, ceannasaí an dúnfoirt, mar ba dhuine iontaofa é agus eagla Dé air thar mar is gnáth. <sup>3</sup>Dúirt [mé] leo: “Ná osclaítear geataí Iarúsailéim nó go dtaga teas sa ghrian, agus dúntar agus daingnítear na doirse fad tá [sí fós ard]. Ceapaigí fir as áitritheoirí Iarúsailéim le bheith ina lucht garda, cuid acu i láithreacha faire agus cuid eile acu os comhair a dtí féin.”

## Daonra

<sup>4</sup>Ba mhór agus b’fhairsing í an chathair ach ba bheag é a líon daoine, gan aon tithé nua tógtha. <sup>5</sup>Bhuail mo Dhia isteach i mo cheann ansin tionól a chur ar na huachtaráin, ar na feidhmeannaigh, agus ar an bpobal d’fhonn áireamh a dhéanamh ar na daoine de réir finí. D’aimsigh mé clár ginealach na muintire úd a d’fhill den chéad iarracht agus seo mar a fuair mé scríofa ann:

<sup>6</sup>Seo iad muintir an chúige a d’fhill ó bhraighdeanas agus ó dheoraíocht. Tar éis a ndíbeartha ag Nabúcadnazar rí na Bablóine, d’fhill siad ar ais go Iarúsailéim agus go Iúdá, gach duine chun a bhaile féin. <sup>7</sup>D’fhill siad le Zarubáibil, Iéisiúa, Nihimiá, Azairiá, Ráimiá, Nachamánaí, Mordacaí, Bilseán, Mispírit, Bigví, Nahúm, Báná.

Liosta na bhfear do phobal Iosrael: <sup>8</sup>clann mhac Pharois, dhá mhíle céad seachtó a dó; <sup>9</sup>clann mhac Sheafaitiá, trí chéad seachtó a dó; <sup>10</sup>clann mhac Árach, sé chéad caoga a dó; <sup>11</sup>clann mhac Phachat Móáb, sé sin clann mhac Iéisiúa agus Ióáb, dhá mhíle ocht gcéad



agus a hocht déag; <sup>12</sup>clann mhac Éalám, míle dhá chéad caoga a ceathair; <sup>13</sup>clann mhac Zátú, ocht gcéad agus daichead a cúig; <sup>14</sup>clann mhac Zacái, seacht gcéad agus a seasca; <sup>15</sup>clann mhac Bhionúí, sé chéad agus daichead a hocht; <sup>16</sup>clann mhac Bhaebái, sé chéad fiche a hocht; <sup>17</sup>clann mhac Azgád, dhá mhíle trí chéad fiche a dó; <sup>18</sup>clann mhac Adoiniceám, sé chéad seasca a seacht; <sup>19</sup>clann mhac Bhigví, dhá mhíle seasca a seacht; <sup>20</sup>clann mhac Áidín, sé chéad caoga a cúig; <sup>21</sup>clann mhac Átaer, Hiziciá is é sin, nócha a hocht; <sup>22</sup>clann mhac Háisium, trí chéad fiche a hocht; <sup>23</sup>clann mhac Bhaezái, trí chéad fiche a ceathair; <sup>24</sup>clann mhac Háirif, céad agus a dó dhéag; <sup>25</sup>fir Ghibeón, cúigear agus nócha; <sup>26</sup>fir Bheithile agus Natofá, céad agus a hochtó cúig; <sup>27</sup>fir Anatót, céad fiche a hocht; <sup>28</sup>fir Bhéit Azmávat, daichead a dó; <sup>29</sup>fir Chiriat Iáraím, Chipíreá agus Bhaerót, seacht gcéad daichead a trí; <sup>30</sup>fir Rámá agus Gheaba, sé chéad fiche a haon; <sup>31</sup>fir Mhicmeás, céad fiche a dó; <sup>32</sup>fir Bhéitéil agus Háí, céad fiche a trí; <sup>33</sup>fir Neabó, caoga a dó; <sup>34</sup>clann Éalám eile, míle dhá chéad caoga a ceathair; <sup>35</sup>clann mhac Háirim, trí chéad agus a fiche; <sup>36</sup>fir Ireachó, trí chéad daichead a cúig; <sup>37</sup>fir Lod, Háidíd agus Ónó, seacht gcéad fiche a haon; <sup>38</sup>clann mhac Shaná, trí mhíle naoi gcéad agus a tríocha.

<sup>39</sup>Na sagairt: clann mhac Iadaiaí, teaghlach Iéisiúa is é sin, naoi gcéad seachtó a trí; <sup>40</sup>clann mhac Iméir, míle caoga a dó; <sup>41</sup>clann mhac Phaischiúr, míle dhá chéad daichead a seacht; <sup>42</sup>clann mhac Háirim, míle agus a seacht déag.

<sup>43</sup>Na Léivítigh: clann mhac Iéisiúa, Chaidmiéil, Bhionúí agus Hoidiá, seachtó a ceathair. <sup>44</sup>Na cantairí: clann mhac Ásáf, céad daichead a hocht. <sup>45</sup>Lucht faire na ngeataí: clann mhac Shealúm, clann mhac Átaer, clann mhac Thalmon, clann mhac Acúb, clann mhac Haitíteá, clann mhac Sheobái, céad tríocha a hocht. <sup>46</sup>Na tíolacthaigh: clann mhac



Zícheá, clann mhac Hasúpá, clann mhac Thabáót,<sup>47</sup> clann mhac Chéaros, clann mhac Shuíahá, clann mhac Phádón,<sup>48</sup> clann mhac Labáná, clann mhac Hagábá, clann mhac Shealmaí,<sup>49</sup> clann mhac Hanán, clann mhac Ghidéil, clann mhac Ghachar,<sup>50</sup> clann mhac Ráíá, clann mhac Reizín, clann mhac Nacódá,<sup>51</sup> clann mhac Ghazám, clann mhac Uzá, clann mhac Phásaech,<sup>52</sup> clann mhac Bhaesai, clann mhac Mheúiním, clann mhac Nifísím,<sup>53</sup> clann mhac Bhacbúc, clann mhac Hacúfá, clann mhac Harchúr,<sup>54</sup> clann mhac Bhazlút, clann mhac Mhicídeá, clann mhac Harsá,<sup>55</sup> clann mhac Bharcós, clann mhac Shíseará, clann mhac Theamach,<sup>56</sup> clann mhac Níziach, clann mhac Haitífeá.

<sup>57</sup>Clann mhac dhaoir Sholaimh: clann mhac Shotai, clann mhac Shoifeirit, clann mhac Pharúdá,<sup>58</sup> clann mhac Iálá, clann mhac Dharcón, clann mhac Ghidéil,<sup>59</sup> clann mhac Sheafaitiá, clann mhac Haitíl, clann mhac Phoiceirit-haz-Zabáim, clann mhac Amón.

<sup>60</sup>Líon iomlán na dtíolacthach agus clann mhac dhaoir Sholaimh: trí chéad nócha a dó.

<sup>61</sup>Tháinig an mhuintir seo leanas ó Théil Mealach, Téil Harsá, Carúb, Adón, Iméir – ach níorbh fhéidir dóibh a chruthú gur de bhunús Iosraelach a bhfiní ná a sinsir: <sup>62</sup>clann mhac Dhaláíá, clann mhac Thóibíá, clann mhac Nacódá – sé chéad daichead a dó. <sup>63</sup>Ar chlann na sagart: clann mhac Habaiá, clann mhac Hacóz, clann mhac Bhairzilí – fear a phós ceann d’iníonacha Bhairzilí an Gileádach agus a ghlac a ainm. <sup>64</sup>Rinne an mhuintir sin cuardach i gcláracha a gcráobh sinseartha, ach ní bhfuair siad lua orthu féin iontu i dtreo gur coimeádadh amach as an tsagartacht iad amhail is dá mba neamhghlan dóibh.

<sup>65</sup>Dúirt an gobharnóir leo gan na bianna coisricthe a chaitheamh nó go bhfaighfí sagart a rachadh i gcomhairle leis na hÚirím agus na Tuimím.





<sup>66</sup>Ba é líon an chomhthionóil go léir ná daichead dó míle trí chéad agus a seasca, <sup>67</sup>seachas a ndaoir agus a ndaoirseacha, seacht míle trí chéad tríocha a seacht díobh ar fad; bhí dhá chéad daichead a cúig cantairí idir fhir agus mhná acu freisin. <sup>68</sup>Bhí [seacht gcéad tríocha a sé chapall acu, agus dhá chéad daichead a cúig miúil,] ceithre chéad tríocha a cúig camail, sé mhíle seacht gcéad agus a fiche asal.

<sup>69</sup>Thug cinn finí áirithe ofrálacha deonacha don tógáil. Thug an gobharnóir míle drachma óir, leathchéad babhla, tríocha éide sagairt, agus cúig céad [míoná airgid] don chiste. <sup>70</sup>Agus thug cinn finí fiche míle drachma óir agus dhá mhíle míoná airgid don chiste tógála. <sup>71</sup>Sé an t-iomlán a thug an chuid eile den phobal ná fiche míle drachma óir, dhá mhíle míoná agus seasca a seacht éide sagairt.

<sup>72</sup>Chuir na sagairt, na Léivítigh, agus cuid den phobal fúthu in Iarúsailéim, agus gardaí na ngeataí, na cantairí, na tíolacthaigh agus na hIosraelaigh eile ina mbailte féin.

## Léann Eazrá an Dlí

Nuair a tháinig an seachtú mí agus go raibh clann mhac Iosrael ina mbailte féin, **8**<sup>1</sup>chruinnigh an pobal mar aon duine amháin sa chearnóg os comhair Gheata an Uisce amach. D'iarr siad ar Eazrá an scríobhaí leabhar dhlí Mhaois a d'aithin an Tiarna d'Iosrael a thabhairt amach. <sup>2</sup>Thug Eazrá an sagart leabhar an dlí amach go dtí an comhthionól d'fhir agus de mhná agus de dhaoine óga a d'fhéadfadh é a thuiscint. An chéad lá den seachtú mí a bhí ann. <sup>3</sup>Agus ansin sa chearnóg os comhair Gheata an Uisce



léigh sé giotáí as i láthair na bhfear agus na ndaoine óga a d’fhéadfadh é a thuiscint ó mhaidin go dtí meán lae. D’éist na daoine go léir go haireach le leabhar an dlí.

<sup>4</sup> Agus bhí Eazrá an scríobhaí ina sheasamh ar ardán adhmaid a tógadh le haghaidh na hócáide. Taobh leis, ar a dheis, sheas Maititiá, Seama, Anáia, Úiría, Hilcíá agus Másaeia; agus ar a chlé Padáia, Miseáeil, Mailcíveá, Háisium, Haisbeadána, Zacairía agus Misiulám. <sup>5</sup> Agus d’oscail Eazrá an leabhar i radharc an phobail uile mar bhí sé in airde os a gcionn go léir. Agus nuair a d’oscail sé é, d’éirigh an pobal go léir ina seasamh. <sup>6</sup> Ansin thug Eazrá moladh don Tiarna, Dia mór, agus d’ardaigh an pobal go léir a lámha agus d’fhreagair siad: “Amen! Amen!” agus chrom siad síos agus shléacht siad go talamh roimh an Tiarna. <sup>7</sup> Iéisiúa, Báiní, Séiribiá, Iáimín, Acún, Seabataí, Hóidiá, Másaeia, Cilíteá, Azairía, Iózábád, Hánán, Paláia – Léivítigh ab ea iadsan – mhínigh siad an dlí don phobal, agus d’fhan an pobal go léir ina seasamh. <sup>8</sup> Léigh Eazrá giotáí as leabhar an dlí, agus thug aistriú agus míniú orthu don phobal ionas go dtuigfidís a raibh á léamh.

<sup>9</sup> Ansin dúirt (an gobharnóir, Nihimiá agus) Eazrá an sagart agus an scríobhaí (agus na Léivítigh a bhí ag teagasc an phobail) leis an bpobal go léir: “Lá atá coisricthe don Tiarna bhur nDia is ea an lá seo. Ná bígí ag caoineadh ná ag olagón.” Mar bhí an pobal go léir ag sileadh na ndeor nuair a chuala siad briathra an dlí. <sup>10</sup> Ansin dúirt sé leo: “Imígí libh, ithigí an tsail agus ólaigí fíon milis agus cuirigí cuid díobh chun an té nach bhfuil aon ní ullamh aige. Óir tá an lá seo coisricthe dár dTiarna. Ná bíodh brón oraibh óir is é áthas an Tiarna bhur neart.” <sup>11</sup> Agus chiúnaigh na Léivítigh an pobal go léir á rá: “Bígí ar bhur suaimhneas; is lá coisricthe é seo; ná bíodh brón oraibh.” <sup>12</sup> Agus d’imigh an pobal go léir



leo a ithe agus a ól agus a thabhairt scaireanna uathu agus a dhéanamh gairdis toisc gur thuig siad brí na nithe a fógraíodh dóibh.

<sup>13</sup>An dara lá chruinnigh cinn finí an phobail ar fad agus na sagairt agus na Léivítigh timpeall Eazrá an scríobhaí le staidéar a dhéanamh ar bhriathra an dlí. <sup>14</sup>Agus fuair siad scríofa sa dlí a d'aithin an Tiarna trí Mhaois: “Tá clann Iosrael le maireachtáil i scáthláin le linn féile an tseachtú mí.” <sup>15</sup>A luaithe a chuala siad é sin, [d’fhógair] siad ina gcathracha go léir agus in Iarúsailéim: “Téigí faoi na sléibhte agus tugaigí libh géaga de chrainn olóige, píne agus mirtíl agus pailme agus de chrainn chraobhacha eile le scáthláin a dhéanamh mar atá scríofa sa leabhar.” <sup>16</sup>Chuaigh an pobal amach agus thug leo iad agus rinne scáthláin dóibh féin, gach duine ar dhíon a thí féin, agus ina gclósanna, agus i gclósanna Theampall Dé, ar chearnóg Gheata an Uisce agus ar chearnóg Gheata Eafráim. <sup>17</sup>Rinne comhthionól iomlán na muintire a d’fhill ó dheoraíocht scáthláin agus chuaigh chun cónaithe iontu; ní dharna clann Iosrael riamh a leithéid ó laethanta Iósúa mac Nún go dtí an uair sin. Bhí lúcháir mhór ann. <sup>18</sup>Lá i ndiaidh an lae ó thús deireadh, léadh Eazrá sleachta as leabhar dhlí Dé. Cheiliúir siad an fhéile ar feadh seacht lá, agus ar an ochtú lá bhí comhthionól sollúnta de réir mar a bhí ordaithe.

## Leorghníomh

**9**Ar an gceathrú lá fichead den mhí seo chruinnigh clann Iosrael le chéile le troscadh a dhéanamh in éadach róin agus luaitheach ar a gceann. <sup>2</sup>Rinne an pór Iosraelach iad féin a dheighilt ón muintir dheoranta go léir; sheasaíodar ansiúd ag admháil a bpeacaí



agus coireanna a sinsear. <sup>3</sup>Bhí cách ina seasamh i láthair chuí agus bhíodar ag léamh sleachta as leabhar dhlí an Tiarna a nDia ar feadh ceathrún den lá; bhíodar ag admháil a bpeacaí ar feadh ceathrún eile den lá, agus ag adhradh an Tiarna a nDia. <sup>4</sup>Bhí Iéisiúa Bionúí, Caidmíéil, Seabainiá, Búiní, Séiribiá, Báiní agus Canáiní ag glaoch os ard chuig an Tiarna a nDia; <sup>5</sup>agus dúirt na Léivítigh Iéisiúa, Caidmíéil, Báiní, Haisibniá, Séiribiá, Hóidíá, Seabainiá agus Patachiá: “Éirígí agus beannaígí an Tiarna bhur nDia trí shaol na saol.

Moladh leat, a Thiarna ár nDia,  
Trí shaol na saol!  
Moladh le d’ainm glórmhar  
A sháraíonn gach moladh agus móradh.

<sup>6</sup>Tusa amháin is Tiarna;  
Rinne tusa na flaithis, flaithis na bhflaitheas, lena gcóiriú go léir,  
An talamh agus a torthaí go léir,  
Na farraigí agus a bhfuil ina gcrioslach.  
Chuir tú anam sna nithe sin go léir;  
Agus cromann sluaite na bhflaitheas os do chomhair.

<sup>7</sup>A Thiarna, is tú an Dia  
A thogh Abrám,  
A thug as Úr na gCaidéach amach é,



Agus a thug Abrahám mar ainm air.

<sup>8</sup> Fuair tú dílis ó chroí os do chomhair é;

Rinne tú conradh leis

Go dtabharfa dó tír an Chanánaigh,

An Hivigh agus an Amóraigh,

An Phirizigh, an Iabúsaigh, an Ghiorgáisigh,

Dó féin agus dá shliocht.

Chomhlíon tú do ghealltanais,

Óir is cóir é thú.

<sup>9</sup> Chonaic tú cruachás ár sinsir san Éigipt;

Chuala tú a nglao le hais Mhuir na nGioldcach;

<sup>10</sup> Rinne tú éachtaí agus míorúiltí in aghaidh Fhorainn,

In aghaidh a shearbhóntaí go léir agus mhuintir uile a thíre;

Óir bhí a fhios agat a theanntásaí a bhí siad leo.

Thuill tú cáil duit féin a mhaireann fós inniu.

<sup>11</sup> Dheighil tú an mhuir rompu;

Ghabh siad cosa tirime tríd an mórmhuir.

Chaith tú an dream a bhí ar a dtóir isteach sa duibheagán,

Mar a dhéanfaí cloch sa chuilithe.

<sup>12</sup> Mar cholún néil threoraigh tú iad sa lá

Agus mar cholún tine san oíche,



Leis an mbealach rompu a shoilsíú,  
An bealach a bhí acu le triall.

<sup>13</sup>Tháinig tú anuas ar Chnoc Shíonáí,  
Agus labhair tú leo ó na flaithis.  
Thug tú dóibh treoracha córa,  
Dlíthe cinnte,

Reachtanna agus aitheanta maithe.

<sup>14</sup>Thug tú eolas dóibh ar do shabóid naofa;  
Shocraigh tú aitheanta (agus reachtanna) agus dlí dóibh,  
Trí Mhaois do shearbhónta.

<sup>15</sup>Thug tú arán ó neamh dóibh lena n-ocras a shásamh.  
Agus thug tú na caisí uisce ón gcarraig dóibh dá dtart.  
D'ordaigh tú dóibh gabháil isteach,  
Agus seilbh a thógail ar an talamh  
A mhionnaigh tú a thabharfá dóibh.

<sup>16</sup>Ach d'éirigh siadsan agus ár sinsir uaibhreach,  
Agus le barr ceandáine chuir siad suas do d'aitheanta.

<sup>17</sup>Dhiúltaíodar géilleadh, gan cuimhne acu ar na hiontais  
A rinne tú dóibh.  
D'éirigh siad ceandána,  
Agus [rith sé leo] fiú filleadh ar an Éigipt, agus ar a ndaoirse.



Ach is Dia maithiúnais thú,  
 Lán de chineáltas agus de thrócaire,  
 Mall chun feirge, gan teorainn le do bhuanghrá;  
 Níor thréig tú iad.

- <sup>18</sup> Nuair a rinne siad lao dóibh féin  
 De mhíotal leáite agus go ndúirt siad:  
 ‘Sin é bhur nDia a thug sibh aníos as an Éigipt,’  
 Agus gur thugadar diamhasla duit go mór,
- <sup>19</sup> Le barr trócaire ní dhearna tú iad a thréigean san fhásach;  
 An colún néil a threoraigh iad sa lá  
 Níor fhág sé iad,  
 Ná an colún tine san oíche,  
 Leis an mbealach a bhí rompu a shoilsiú dóibh.
- <sup>20</sup> Thug tú do dhea-spiorad dóibh lena dteagasc,  
 Agus níor dhiúltaigh tú manna dá mbéala.  
 Thug tú uisce lena dtart a mhúchadh.
- <sup>21</sup> Chothaigh tú iad ar feadh daichead bliain san fhásach;  
 Ní raibh aon ní de dhíth orthu;  
 Ní dheachaigh caitheamh ar a gcuid éadaigh,  
 Ná at ar a gcosa.



- <sup>22</sup> Thug tú dóibh ríochtaí agus pobail,  
Agus bhronn tú gach feorann orthu;  
Ghabh siad seilbh ar chríocha Shíochon rí Heisbeon,  
Agus ar chríocha Óg rí Bháiseán.
- <sup>23</sup> Chuir tú an rath ar a sliocht  
Mar a bheadh réaltaí nimhe  
Agus threoraigh tú isteach iad  
Sa tír a dúirt tú lena sinsir a ghabháil agus a shealbhú.
- <sup>24</sup> Chuaigh a sliocht isteach agus ghabh an tír,  
Agus threascair tú rompu  
Na Canánaigh, áitritheoirí na tíre,  
Agus thug tú ar láimh dóibh iad,  
Idir ríthe agus phobal na tíre,  
Le déanamh leo mar ab áil leosan.
- <sup>25</sup> Ghabh siad cathracha daingne,  
Agus tailte méithe;  
Fuair siad seilbh ar thithe a bhí lán d'ollmhaitheasaí,  
Ar thaiscumair thochailte, ar fhíonghoirt, agus ar luibhghoirt ológ,  
Ar chrainn torthaí go flúirseach.  
Chaitheadar bia, agus bhíodar sáitheach lán;  
Bhí orthu rian na dea-choda a thug tú dóibh go flaithiúil.





<sup>26</sup> Ach bhíodar easumhal duit agus rinne siad ceannairc i d'aghaidh;  
 Thug siad droim leis an dlí;  
 Mharaigh siad d'fháithe a thugadh rabhadh dóibh,  
 Le hiad a iompú ar ais ortsa,  
 (Agus thug siad diamhaslaí móra).

<sup>27</sup> Uime sin rinne tú iad a thabhairt i lámha naimhde,  
 Agus rinne siadsan géarleanúint orthu.  
 i laethanta a ngéarleanúna ghlaoiigh siad ort  
 Agus thug tú cluas dóibh ó na flaithis.  
 Le barr trócaire thug tú slánaitheoirí dóibh  
 A d'fhuascail iad ó lámha a naimhde.

<sup>28</sup> Ach a luaithe a bhí síocháin acu  
 rinne siad peaca arís os do chomhair.  
 Rinne tú iad a thabhairt i lámha a naimhde  
 agus luigh siadsan orthu go danartha.  
 Ach d'iompaigh siad, ghlaoiigh chugat arís  
 Agus thug tú cluas dóibh ó neamh.  
 An minic a dhéanfaidh tú iad a fhuascailt le teann trócaire?

<sup>29</sup> Thug tú rabhadh dóibh lena dtabhairt ar ais chun do dhlí;  
 Ach bhorr an t-uabhar iontu, agus níor chomhlíon siad d'aitheanta;  
 Pheacaigh siad in aghaidh d'orduithe,  
 Na horduithe a bhronnann an bheatha ar fhear a gcomhlíonta;



Chroith siad a nguailí go stuacach,

Agus chruaigh a muineál le stailc, agus níor ghéill siad.

<sup>30</sup> Bhí foighne agat leo ar feadh mórán blianta.

Thug tú rabhadh dóibh le do spiorad trí na fáithe,

Ach ní thabharfaidís aird ort.

Thug tú i lámha chiníocha na gcríoch iad.

<sup>31</sup> Ach, le barr grá, níor chuir tú deireadh leo,

Níor thréig tú ar fad iad,

Mar is Dia lách cineálta thú.

<sup>32</sup> Anois, dá bhrí sin, a Dhia linn,

A Dhia mhór na cumhachta agus na heagla,

Atá dílis do do chonradh agus buanseasmhach i do ghrá,

Nára beag leat an ainnise go léir

A tharla dúinne, dár ríthe, agus dár dtaoisigh,

dár sagairt, dár bhfáithe, (dár sinsir), agus dár muintir go léir

Ó ré ríthe na hAsáire go dtí inniu féin.

<sup>33</sup> Bhí tú cóir i ngach ní dár tharla dúinn,

Óir rinne tusa beart na dílse,

Ach sinne beart na coirpeachta.

<sup>34</sup> Ár ríthe, ár n-uachtaráin, ár sagairt, ar sinsir,

Níor choinnigh siad do dhlí,



Ná níor thug siad aird ar aon aithne ná aon rabhadh  
Dá dtug tú dóibh.

<sup>35</sup> Fad bhí siad ina ríocht  
Agus i lár na flúirse a bhronn tú orthu,  
Sa tír mhór fhairsing  
A leath tú rompu,  
Níor éirigh siad as a ndrochghníomhartha.

<sup>36</sup> Seo sinn inár ndaoir inniu  
Anseo sa tír a thug tú dár sinsir,  
Le sásamh a bhaint as a thorthaí agus as a nithe fónta;  
Daoir sinn!

<sup>37</sup> Na ríthe a cheap tú os ár gcionn de bharr ar bpeacaí,  
Is ar mhaithe leo a thugann an tír a thorthaí méithe uaidh.  
Is acusan freisin atá cumas ar ár gcorp agus ar ár n-eallach.  
Nach orainn atá an leatrom géar.”

## Gealltanais

**10** Dá bharr sin go léir rinneamar conradh daingean ar phár, agus chuir ár gceannairí go léir, ár Léivítigh, agus ár sagairt, a n-ainm faoi shéala na cáipéise; <sup>2</sup> ar an gcáipéis shéalaithe bhí na hainmneacha seo: Nihimiá mac Hacailiá, Zidiciá, <sup>3</sup> Saráia,



Azairiá, Irimia, <sup>4</sup>Páischiúr, Amairiá, Mailciveá, <sup>5</sup>Hatúis, Seabainiá, Malúc, <sup>6</sup>Háirim, Maraemót, Obaidiá, <sup>7</sup>Dainéil, Gineatón, Bárúc, <sup>8</sup>Misiulám, Aibíá, Míováimin, <sup>9</sup>Máiziá, Bilgí, Seamaiá; <sup>10</sup>sin iad na sagairt.

Ansín na Léivítigh: Iéisiúa mac Azainiá, Bionúi de chlann mhac Haenádad, Caidmíéil, <sup>11</sup>agus a ngaolta Seabainiá, Hóidiá, Cilíteá, Paláiá, Hánán, <sup>12</sup>Míceá, Rachób, Haisibiá, <sup>13</sup>Zacúr, Séiribiá, Seabainiá, <sup>14</sup>Hóidiá, Báiní, Biníniú. <sup>15</sup>Uachtaráin an phobail: Parois, Pachat Móáb, Éalám, Zatú, Báiní, <sup>16</sup>Buiní, Azgád, Baebái, <sup>17</sup>Adoiniá, Bigví, Áidín, <sup>18</sup>Átaer, Hiziciá, Azúr, <sup>19</sup>Hóidiá, Háisium, Baezái, <sup>20</sup>Háiríf, Anatót, Naebái, <sup>21</sup>Maigpiáis, Misiulám, Héizír, <sup>22</sup>Miséazabael, Zádóc, Iadúa, <sup>23</sup>Palaitiá, Hánán, Anáíá, <sup>24</sup>Hóiséa, Hanainiá, Haisiúb, <sup>25</sup>Halóichéis, Pilcheá, Seobaec, <sup>26</sup>Rachúm, Haiseabná, Másaeiá, <sup>27</sup>Aichíá, Hánán, Ánán, <sup>28</sup>Malúc, Hairím, Báná. <sup>29</sup>Agus an chuid eile den phobal, na sagairt, agus na Léivítigh, na gardaí geata, na cantairí, na tíolacthaigh, agus gach duine a scar le bunadh na dtíortha le cloí le dlí Dé; a mná, a gclann mhac agus iníonacha, agus gach duine a bhí tagtha go blianta na tuisceana – <sup>30</sup>aontaíonn siad lena ngaolta, agus lena n-uachtaráin, agus gabhann siad orthu de bhrí mionna agus mallachta siúl i gcosán dhlí Dé a tugadh trí Mhaois searbhónta Dé, agus aitheanta uile an Tiarna, ár dTiarna, agus a ghnásanna agus a reachtanna, a chomhlíonadh.

<sup>31</sup>De bheachtните: Ní thabharfaimid ar n-iníonacha le posadh do phór an tíre, ná ní thógfaimid a n-iníonacha mar mhná dár mic. <sup>32</sup>Má thugann muintir na tíre earraí nó bia ar bith le díol ar an tsabóid, ní cheannóimid aon ní uathu ar shabóid ná ar fhéile. Ní éileoimid [torthaí ar an talamh] gach seachtú bliain agus maithfimid gach fiacha.



<sup>33</sup>Tógaimid orainn na dualgais seo leanas: An tríú cuid de sheicil a thabhairt in aghaidh na bliana ar son riachtanais liotúirge Theampall an Tiarna, <sup>34</sup>d'arán na láithreachta, don abhlann bhuan, don íobairt uileloiscthe bhuan, do na híobairtí ar na sabóidí, ar fhéilte na ré nua, ar na sollúntais cheaptha; <sup>35</sup>do na bianna tíolactha, do na híobairtí peaca le leorghníomh a dhéanamh thar ceann Iosrael, do sheirbhísí uile Theampall ár nDé, is é sin.

<sup>36</sup>Ina theannta sin: céadtorthaí ár n-ithreach, agus céadtorthaí torthaí gach crainn a thabhairt gach bliain go Teampall ár nDé, <sup>37</sup>agus céadghin mic ár gclainne, agus céadghin ár n-eallaigh, faoi mar atá scríofa sa dlí – do na sagairt ar dualgas i dTeampall an Tiarna céadghin ár dtáinte agus ár dtréada. <sup>38</sup>Tabharfaimid freisin togha ár mine, toradh gach crainn, fíon nua agus ola, chun na sagart, go seomraí Theampall ár nDé; agus go dtí na Léivítigh deachúna na talún; baileoidh na Léivítigh féin na deachúna ónár mbailte go léir faoin tuath. <sup>39</sup>Beidh sagart, fear de shliocht Áróin, i gcuideachta na Léivíteach agus iad ag tobhach na ndeachúna; déanfaidh na Léivítigh deachú de na deachúna a thabhairt suas go Teampall ár nDe, chuig na seomraí, chun an chiste, <sup>40</sup>mar gur go dtí na seomraí sin a thugann na hIosraelaigh agus na Léivítigh a síntiúis arbhair agus fíona agus ola, agus gur iontu a choimeádtar soláthairtí don sanctóir, do na sagairt ar dualgas, do na gardaí geata agus do na cantairí.

<sup>41</sup>Maidir le soláthairtí adhmaid le dó ar altóir ár nDé faoi mar atá scríofa sa dlí, chuireamar ar cranna é idir sagairt agus Léivítigh agus pobal, agus shocraíomar go ndéanfadh gach teaghlach ar a uain iad a sheachadadh go Teampall an Tiarna ár nDe tráthanna áirithe gach bliain. <sup>42</sup>Ní dhéanfaimid faillí go deo arís ar Theampall ár nDe.



## An Daonra

**1** Chuir uachtaráin an phobail fúthu in Iarúsailéim. Cuireadh ar cranna é i measc na coda eile den phobal le go dtiocfadh duine as deichniúr agus cur faoi in Iarúsailéim, an chathair naofa, ach an naonúr eile sna bailte. <sup>2</sup>Chuir an pobal a mbeannacht ar gach duine a bhí toiltineach cur faoi in Iarúsailéim. <sup>3</sup>Seo iad ceannairí an chúige a chuir fúthu in Iarúsailéim agus a chuir fúthu i mbailte Iúdá. Clann Iosrael, na sagairt, na Léivítigh, na tíolacthaigh, agus clann mhac dhaoir Sholaimh, cuir siad fúthu ar an gcuma sin ina mbailte cuí, gach duine ina shealúchas féin.

<sup>4</sup>Chuir cuid de shliocht Iúdá agus de shliocht Bhiniáimin fúthu in Iarúsailéim. De shliocht Iúdá: Atáia mac Úizía, mac Zacaria, mac Amairia, mac Sheafatia, mac Mhahalael, de shliocht Pheiriz, <sup>5</sup>Másaeia, mac Bháruc, mac Chol Hoize, mac Hazáia, mac Adáia, mac Ióiaírib, mac Zacairia, de shliocht Shéalá. <sup>6</sup>Ba é líon iomlán sliocht Pheiriz a bhí ag cur fúthu in Iarúsailéim ná ceithre chéad seasca a hocht fear inghníomha.

<sup>7</sup>Seo iad sliocht Bhiniáimin: Salu mac Mhisiulám, mac Ióeid, mac Phadáia, mac Chóláia, mac Mhásaeia, mac Ítéil, mac Isia, <sup>8</sup>agus a ghaolta, fir inghníomha, naoi gcéad ochtar agus fiche díobh. <sup>9</sup>Bhí Ióeil mac Zicri i gceannas orthu, agus Iúdá mac Hasanúa ina thánaiste i bhfeighil na cathrach.

<sup>10</sup>De na sagairt: Iadaia mac Ióiaírib, mac <sup>11</sup>Sharáia, mac Hilcía, mac Mhisiulám, mac Zádóc, mac Mharáiót, mac Aichitiúb, reachtaire Theampall Dé, <sup>12</sup>agus a ghaolta a bhí i bhfeighil liotúirge an Teampaill, ocht gcéad agus beirt agus fiche; Adáia mac Iarochám, mac Phalailia, mac Aimzí, mac Zacairia, mac Phaischiúr, mac Mhailciveá, <sup>13</sup>agus a



ghaolta, cinn finí, dhá chéad agus beirt agus daichead; Amasaí mac Azarael, mac Achzaí, mac Mhisiléamót, mac Iméir, <sup>14</sup> agus a ghaolta, fir inghníomha, céad ochtar ar fichid. Bhí Zaibdíeíl mac Hagadól i gceannas orthu.

<sup>15</sup> De na Léivítigh: Samáíá mac Haisiúb, mac Aizríceám, mac Haisibíá, mac Bhúiní; <sup>16</sup> Seabataí agus Iózábád, ceannairí na Léivíteach, a bhí i bhfeighil na hoibre lasmuigh ar Theampall Dé. <sup>17</sup> Matainiá mac Mhíceá, mac Zaibdí, mac Ásáf, a bhí i bhfeighil na n-iomann agus a chuir ceann ar an ngníomh buíochais san urnaí, agus Bacbuiciá an tánaiste ar a ghaolta; agus Abdá mac Sheamúa, mac Ghálál, mac Iadútún. <sup>18</sup> Ba é líon iomlán na Léivíteach sa chathair naofa ná dhá chéad agus ceathrar ar ochtó. <sup>19</sup> Gardaí na ngeataí: Acúb agus Talmón, agus a ngaolta, a dhéanadh faire ag na geataí: céad agus beirt agus seachtó.

<sup>20</sup> Bhí cónaí ar na tíolacthaigh in Oifil; bhí Zícheá agus Gispeá i gceannas ar na tíolacthaigh; <sup>21</sup> bhí Uizí mac Bháiní, mac Haisibíá, mac Mhatainiá, mac Mhíceá, i gceannas ar na Léivítigh in Iarúsailéim; bhain seisean le clann Ásáf a bhí i bhfeighil cheol an liotúirge i dTeampall Dé. <sup>22</sup> Bhí reacht ríoga ann i dtaobh na gcantairí agus leag sé síos rialacha faoina ndualgas a bheith i láthair ó lá go lá. <sup>23</sup> Bhí Pataichiá mac Mhiséazabael, de chlann Zearach, mac Iúdá, i gceannas ar gach ar bhain leis an bpobal in ainm an rí.

<sup>24</sup> Chuir an chuid eile de chlann Iosrael fúthu i mbailte Iúdá, gach duine ina oidhreacht féin, <sup>25</sup> agus i sráidbhailte faoin tuath ina ndúichí féin. Chuir cuid de chlann Iúdá fúthu i gCiriát Arba agus ina shráidbhailte máguaird, i nDíobón agus ina shráidbhailte máguaird, i Iacabzael agus ina shráidbhailte, <sup>26</sup> i Iéisiúa, i Moládá, i mBéit Peilit, <sup>27</sup> i Hazar Seúál, i mBéar Seaba agus ina shráidbhailte, <sup>28</sup> i Zicleag, i Maconá, agus ina shráidbhailte, <sup>29</sup> in



Éan Rimeon, i Zorách, i Iarmút,<sup>30</sup> i Zanoa, in Adulám agus ina shráidbhailte, i Láicís agus faoin tuath ina thimpeall, in Azaecá agus ina shráidbhailte; chuir siad fúthu ar an tslí sin ó Bhéar Seaba go Gleann Hionnom.

<sup>31</sup>Chuir cuid de shliocht Bhiniáimin fúthu i nGeba, i Micmeas, in Avá, i mBéitéil agus ina shráidbhailte,<sup>32</sup> in Anátót, i Nob, in Anainiá,<sup>33</sup> i Hazór, i Rámá, i nGiotaím,<sup>34</sup> i Háidíd, i Zaboím, i Naballát,<sup>35</sup> i Lod, in Ónó, agus i nGleann na gCeardaithe. Chuir gasraí áirithe Léivíteach fúthu in Iúdá chomh maith le i mBiniáimin.

**12** Seo iad na sagairt agus na Léivítigh a d'fhill le Zarubáibil mac Sheailtéil agus le Iéisiúa: Saráia, Irimia, Eazrá,<sup>2</sup> Amairiá, Malúc, Hatúis,<sup>3</sup> Seacainiá, Rachum, Maraemot,<sup>4</sup> Ideo, Gineatói, Aibíveá,<sup>5</sup> Míováimin, Máidiá, Bilgeá,<sup>6</sup> Seamáia; agus Ióiáirib, Iadaia,<sup>7</sup> Salú, Ámóc, Hilciá, Iadaia.<sup>8</sup> Agus na Léivítigh: Iéisiúa, Bionnúi, Caidmiéil, Séiribiá, Iúdá, Matainiá – é seo lena ghaolta a bhí i gceannas ar na hiomainn bhuíochais,<sup>9</sup> ach go raibh Bacbuiciá, Unó, agus a ngaolta ina n-oird ar leith ann mar mhalairt cóir.<sup>10</sup> Ba iadsan ceannairí na sagart agus a ngaolta i laethanta Iéisiúa.

<sup>11</sup>Ghin Iéisiúa Ióiacaím, ghin Ióiacaím Eiliáisib, ghin Eiliáisib Ióiádá,<sup>12</sup> ghin Ióiádá Iónátán, ghin Iónátán Iadúa.

<sup>13</sup>Le linn Ióiacaím ba iad seo cinn finí na sagart: fine Sharáia, Maráia; fine Irimia, Hanainiá;<sup>14</sup> fine Eazrá, Misiulám; fine Amairiá, Iahóchánán;<sup>15</sup> fine Mhalúicí, Iónátán; fine Sheabainiá, Iósaef;<sup>16</sup> fine Háirím, Adná; fine Mhaeráiót, Healcaí;<sup>17</sup> fine Ideo, Zacairiá; fine Ghineatón, Misiulám;<sup>18</sup> fine Aibía, Zicrí; fine Mhiniáimín ...; fine Mhoaidiá, Pioltái;





<sup>19</sup> fine Bhilgeá, Seamúa; fine Sheamaiá, Iahónátán; <sup>20</sup> fine Ióiaírí, Matanaí; fine Iadaí, Uizí; <sup>21</sup> fine Shalaí, Calá; fine Ámóc, Éibir; <sup>22</sup> fine Hilcíá, Haisibíá; fine Iadaíá, Natanael.

<sup>23</sup> (Maidir leis na Léivítigh) le linn Eiliáisí, Ióiadá, Ióchánán, Iadúa, scríobhadh i Leabhar na nAnnála ainmneacha cinn finí na sagart, síos go réimeas Dháire, an Peirseach.

<sup>24</sup> Clann mhac Léiví: scríobhadh i Leabhar na nAnnála ainmneacha na gcinn finí, ach gan dul thar am Ióchánán mac mic Eiliáisí. <sup>25</sup> Cinn finí na Léivíteach: Haisibíá, Séiribíá, Iéisiúa, [Bionúi,] Caidmíéil; agus a ngaolta mar mhalairt cóir d'iomainn mholta agus buíochais, de réir reachtanna Dháiví, giolla Dé, iad buíon ar bhuíon .i. <sup>26</sup> Matainiá, Bacbuiciá agus Obaidiá. Bhíodh na gardaí geata, Misiulám, Talmón agus Acúb, ag faire ag na stórais le hais na ngeataí.

<sup>27</sup> Sin mar a bhí acu le linn Ióiaíacáim mac Iéisiúa, mac Iózádác, agus Nihimiá an gobharnóir, agus Eazrá, sagart agus scríobhaí.

## Coisreacan an Bhalla

<sup>28</sup> Nuair a bhí balla Iarúsailéim le coisreacan, cuireadh fios ar na Léivítigh, cibé ball a raibh cónaí orthu, teacht go Iarúsailéim d'fhonn go ndéanfaí an coisreacan a cheiliúradh le hiomann bhuíochais, le ceol ciombail, cláirsí agus cruite. <sup>29</sup> Tháinig clann na gcantairí le chéile ón tuath timpeall Iarúsailéim, ó shráidbhailte na Natofátach, <sup>30</sup> ó Bhéit Gilgeál, ó dhúichí Gheaba agus Azmávat, mar bhí sráidbhailte tógtha ag na cantairí dóibh féin ar fud Iarúsailéim ar fad. <sup>31</sup> Rinne na sagairt agus na Léivítigh iad féin a ghlanadh, ansin an pobal, na geataí agus an balla.



<sup>32</sup>Thug mé faoi deara ansin do cheannairí Iúdá teacht ar bharr an bhalla, agus d'eagraigh mé dhá chór mhóra le buíochas a bhreith agus dul ar mhórshiúl. Ghabh an chéad cheann deiseal ar feadh bharr an bhalla i dtreo Geata an Aoiligh. <sup>33</sup>Lean Hóiseaí agus leath ceannairí Iúdá iadsan, <sup>34</sup>agus Azairiá, Eazrá, Misiulám, <sup>35</sup>Iúdá, Miniáimín, Seamaí agus Irimia; <sup>36</sup>buíon iadsan a roghnaíodh ó na sagairt agus bhí stoic á n-iompar acu; ansin Zacairiá mac Iónátán, mac Sheamaí, mac Mhatainiá, mac Mhíocáí, mac Zacúr, mac Ásáf, <sup>37</sup>lena ghaolta Seamaí, Azarael, Milealaí, Gilealaí, Máí, Natanael, Iúdá, Hanáiní, agus uirlisí ceoil Dháiví, giolla Dé, á n-iompar acu. Shiúil Eazrá rompu amach. <sup>38</sup>Ghabhadar díreach rompu ar aghaidh ag Geata an Tobair taobh leis na céimeanna suas go dúnfort Dháiví, ar feadh barr an bhalla agus suas ard phálás Dháiví go Geata an Uisce ar an taobh thoir.

<sup>39</sup>Ghabh an dara cór buíochais tuathal; lean mé féin é, agus leath an phobail, ar feadh barr an bhalla, lastuaidh de Thúr na Sorn, agus chomh fada le [balla na Cearnóige], <sup>40</sup>ansin thar Gheata Eafráim, (thar an SeanGheata,) Geata an Éisc, agus Túr Hananael, chomh fada le Geata na gCaorach. Stad siad ag Geata [na Faire].

<sup>41</sup>Chuaigh an dá chor buíochais ansin chun a n-ionaid i dTeampall Dé. Bhí leath na bhfeidhmeannach in éineacht liomsa, <sup>42</sup>agus na sagairt Eiliácaím, Másaeí, Miniáimín, Míocáí, Eilióaenaí, Zacairiá, agus Hanainiá ag iompar stoc; <sup>43</sup>Másaeí freisin agus Seamaí, Eileázár, Uizí, Iahóchánán, Mailciveá, Éalám agus Eizir. Chan na cantairí faoi threoir Iazraichiá a gceannaire. <sup>44</sup>Ofráladh íobairtí móra an lá sin agus bhí lúcháir ar an bpobal mar gur mhaith an chúis lúcháire a thug Dia dóibh. Bhí lúcháir ar na mná agus ar



na leanaí chomh maith agus is fada ó bhaile ab fhéidir gártha áthais Iarúsailéim a chloisteáil.

<sup>45</sup> Ceapadh fir ansin le bheith i gceannas na seomraí do na stóir, do na hofrálacha, na céadtorthaí agus na deachúna, d’fhonn go mbaileoidís isteach iontu na sciaranna úd ó na bailte fearainn a dheonaigh an dlí do na sagairt agus do na Léivítigh. Óir ba ábhar áthais ag Iúdá na sagairt agus na Léivítigh i mbun a ndualgas. <sup>46</sup> Tadsan a cheiliúradh liotúirge a nDé agus a dhéanadh cúraimí an íonghlanta – agus na cantairí agus na gardaí geata mar aon leo de réir reachtanna Dháiví agus a mhic Solamh. <sup>47</sup> Óir ón seansaol, ó laethanta Dháiví agus Ásáf, bhíodh cuallachtaí cantairí ann agus cainticí molta agus buíochais á ngabháil do Dhia. <sup>48</sup> I laethanta Zarubáibil agus Nihimiá dá réir sin bhíodh a sciar cuí le haghaidh an lae á thabhairt ag Iosrael go léir do na cantairí agus do na gardaí geata. Chuiridís a gcuid naofa i leataobh do na Léivítigh, agus chuiridís-sean a gcuid i leataobh do chlann Árón.

**13** Bhíodar ag léamh as leabhar Mhaois don phobal um an dtaca sin agus fuair siad scríofa ann: “Ní bheidh cead isteach go deo i gcomhthionól Dé ag an Amónach ná ag an Móábach <sup>2</sup> de bhrí nár tháingadar in araicis chlann Iosrael le harán agus le huisce. D’fhostaigh siad Balám ina n-aghaidh le mallacht a chur orthu ach rinne ár nDia beannacht den mhallacht.” <sup>3</sup> A luaithe a chuala an pobal an dlí, dheighil siad gach aon duine de phór deoranta ó Iosrael.



## Tagann Nihimiá den Dara hUair

<sup>4</sup>Ceapadh Eiliáisíb an sagart roimhe sin ina reachtaire ar sheomraí Theampall ár nDé. Bhí gaol aige le Tóibíá, <sup>5</sup>agus chóirigh sé seomra fairsing dósan, seomra ina mbíodh na habhlanna, an túis, na soithí, na deachúna arbhair, ola agus fíona á gcoimeád acu roimhe sin; ba é a bhí i gceist leis na nithe sin ná an chuid a bhí dlite do na Léivítigh, na cantairí, na gardaí geata, agus do na sagairt. <sup>6</sup>Fad a bhí sé seo go léir ar siúl bhí mé féin as baile ó Iarúsailéim, mar sa dara bliain tríochad de réimeas Artaxarxaes rí na Bablóine chuaigh mé d'fhios an rí. Ach tar éis tamaill d'iarr mé cead imeacht air, <sup>7</sup>agus d'fhill mé ar Iarúsailéim. Ansin is ea a chuala mé an choir ghránna a rinne Eiliáisíb do Thóibíá, gur chóirigh sé seomra dó i gcúirt Theampall Dé. <sup>8</sup>Chuir sin an-fhearg orm. Chaith mé urra tí Thóibíá go léir as an seomra, <sup>9</sup>thug ordú an seomra a ghlanadh, agus chuir soithí Theampall Dé agus na habhlanna agus an túis ar ais.

<sup>10</sup>Fuair mé amach freisin nach raibh a gcuid á tabhairt go rialta do na Léivítigh, agus go raibh na Léivítigh féin agus na cantairí ar a raibh dualgas an liotúirge imithe leo abhaile go dtí a dtailte. <sup>11</sup>Chuir mé ceartú ar na feidhmeannaigh – “Cén fáth a bhfuil Teampall Dé tréigthe?” d'fhiafraigh mé. Agus chruinnigh mé na [Léivítigh] le chéile arís agus chuir mé i bhfeighil a gcúram iad. <sup>12</sup>Ansin thug Iúdá go léir an deachú den arbhar, den fhíon agus den ola, go dtí na stórais. <sup>13</sup>Mar reachtairí ar na stórais cheap mé Seilimiá an sagart, Zádóc an scríobhaí, agus Padáíá, Léivíteach, agus, mar chúntoirí, Hánán mac Zacúr, mac Mhatainiá, mar gur síleadh go raibh siad iontaofa; ba é a ngnó a gcuid a



thabhairt dá ngaolta. <sup>14</sup>Cuimhnigh orm, a Dhia liom, dá mbarr seo; ná scrios chun siúil an beart dúthrachta a rinne mé do Theampall mo Dhé agus dá liotúirge.

<sup>15</sup>Sna laethanta úd chonaic mé daoine in Iúdá ag pasáil na gcantaoirí fíona ar an tsabóid agus a thuilleadh ag breith na bpunann arbhair leo agus á gcur ar asail, agus mar an gcéanna le fíon, fíniúnacha, figí agus gach sort ualaigh lena dtabhairt isteach in Iarúsailéim ar an tsabóid. [Thug mé foláireamh dóibh gan an bia] a dhíol. <sup>16</sup>Tuírigh freisin a raibh cónaí orthu sa chathair, bhídís ag breith éisc agus gach sórt soláthair isteach le díol ar an tsabóid le muintir Iúdá in Iarúsailéim. <sup>17</sup>Thug mé casaoid do mhaithe Iúdá á rá: “Cad é mar mhí-iompar é seo agaibh ag truailliú lá na sabóide! <sup>18</sup>Nach mar sin díreach a rinne bhur sinsir, i dtreo gur thug Dia an ainnise seo go léir orainn féin agus ar an gcathair seo! An mian libh cuthach eile feirge a thabhairt ar an gcathair le truailliú na sabóide?” <sup>19</sup>Díreach roimh an tsabóid nuair a bhí scáilí an dorchadais ag titim ar gheataí Iarúsailéim, thug mé ordú na comhlaí a dhúnadh, agus dúirt mé: “Na hosclaíгі arís iad nó go mbeidh an tsabóid thart.” Chuir mé cuid de mo sheirbhísigh ag faire ag na geataí i dtreo nach n-iomprófaí aon ualach isteach ar an tsabóid. <sup>20</sup>Uair nó dhó chaith ceannaithe, agus mangairí gach sórt earra, an oíche lasmuigh de Iarúsailéim. <sup>21</sup>Ach bhagair mé orthu: “Cén fáth a bhfuil sibh ag caitheamh na hoíche le taobh an bhalla? Má dhéanann sibh amhlaidh arís, díolfaidh sibh as uaimse!” As sin amach níor tháinig siad ar an tsabóid a thuilleadh. <sup>22</sup>D’ordaigh mé do na Léivítigh iad féin a ghlanadh agus teacht agus na geataí a fhaire i dtreo go gcoimeádfaí an tsabóid naofa. Cuimhnigh orm, a Dhia liom, dá bharr seo freisin agus, de réir méid do bhuanghrá, bí trócaireach liom.



<sup>23</sup>Chonaic mé freisin an t-am úd Giúdaigh a phós mná ó Aisdeod, ó Amón agus ó Mhóáb. <sup>24</sup>Maidir le leanaí, labhair leath acu teanga Aisdeod nó teanga cheann de na ciníocha eile, ach gan teanga Iúdá ar a gcumas. <sup>25</sup>Rinne mé ceartú orthu agus chuir mallachtaí orthu; bhuaill mé a lán acu agus staith mé a ngruaig agus thug faoi deara dóibh mionn a thabhairt dar Dia á rá: “Ná tugaigí bhur n-iníonacha le pósadh dá mic, agus ná tógaigí a n-iníonacha le bheith mar mhná ag bhur mic ná agaibh féin. <sup>26</sup>Nach mar sin a pheacaigh Solamh rí Iosrael; ní raibh riamh rí mar é i measc na náisiún go léir; ghráigh a Dhia é; rinne Dia rí ar Iosrael go léir de; mar sin féin ba shiocair pheaca fiú dósan mná deoranta. <sup>27</sup>An gcaithfidne cur suas lena chloisteáil go bhfuil sibhse freisin ag déanamh na coire móire sin, agus ag fealladh ar bhur nDia trí mhná deoranta a phósadh?”

<sup>28</sup>Ba chliamhain do Shanballat an Horónach, mac le Iahóiadá, mac Eiliáisib, agus dhíbir mé as mo radharc é. <sup>29</sup>Cuimhnigh orthu siúd, a Dhia liom, mar gur thruailligh siad an tsagartacht agus conradh na sagart agus na Léivíteach.

<sup>30</sup>Ghlan mé díobh gach blas deoranta dá bhrí sin; leag mé síos treoracha do na sagairt agus do na Léivítigh, agus bheachtaigh mé dualgas gach duine, <sup>31</sup>agus rinne mé socruithe faoi sholáthar an adhmaid ar uaire áirithe agus faoi na céadtorthaí. Cuimhnigh orm, a Dhia liom, ar mhaithe liom.

